RÚN (AE) 2022/1726 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0125/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 18 277 890 buiséad críochnaitheach an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) ("an Lárionad") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 2,30 % i gcomparáid le buiséad 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a thagann buiséad an Lárionaid den chuid is mó;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais an Lárionaid beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire agus é mar dhíol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith na bliana airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme 100 %, arb ionann é agus méadú an-bheag de 0,01 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur baineadh amach an sprioc le haghaidh ráta cur chun feidhme gealltanas a socraíodh le haghaidh 2020 i gclár oibre an Lárionaid (98 %); á chur in iúl gur díol sásaimh di gur ráta 93,7 % an ráta leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú an-bheag de 1,36 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, ón tuarascáil ón gCúirt, nár chuir an Lárionad an modh iomchuí chun feidhme chun na ranníocaíochtaí i leith na hÍoslainne agus na hIorua a ríomh, amhail a tharla in 2019; á thabhairt dá haire go bhforáiltear sa chomhaontú comhair idir Cedefop agus Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) go ndéanann comhpháirtithe comhair CSTE ranníocaíocht ar leibhéal bunaithe ar chion a nOlltáirgeachta Náisiúnta i gcomparáid le OTN iomlán an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) agus gur ríomhadh ranníocaíochtaí na hIorua agus na hÍoslainne sa bhuiséad tosaigh de réir chion a nOlltáirgeachta Intíre (2,27 % i gcás na hIorua agus 0,14 % i gcás na hÍoslainne) i gcomparáid le OTI Bhallstáit an Aontais Eorpaigh in LEE, seachas i gcomparáid le OTN iomlán LEE; ag tabhairt dá haire, mar thoradh air sin, go ndearna an Iorua agus an Íoslainn ranníocaíocht le buiséad 2020 an Lárionaid a bhí EUR 8 601 níos lú ná mar ba cheart agus gur íoc an tAontas EUR 8 601 sa bhreis; ag tabhairt dá haire, ainneoin laghdú de EUR 1 100 000 sna leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus in ioncaim sa chéad leasú ar bhuiséad 2020, nár tugadh aon chuid den laghdú buiséid ar ais don Iorua agus don Íoslainn, rud a d'fhág go ndearna siad ranníocaíocht de EUR 25 886 sa bhreis in 2020; ag tabhairt dá haire go bhfuil cur chun feidhme an mhodha chirt chun ranníocaíochtaí a ríomh fós ar lean, in ainneoin na moltaí maidir leis an modh chun ranníocaíochtaí a ríomh a rinne an Chúirt in 2019;

3. á chur in iúl gur geal léi, áfach, aidhm an Lárionaid modheolaíocht a bhunú atá trédhearcach agus éasca le cur i bhfeidhm mar aon le gníomhaíocht mhear chun aghaidh a thabhairt uirthi tar éis an mholta ó Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG) sa Choimisiún tríd an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú (AS EMPL) sa Choimisiún, mar chuid den "Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch — Prótacal 31";

([1]) IO C 114, 31.03.2021, lch. 4.

4. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil gach gníomhaíocht eile a rinneadh i leith bharúlacha na Cúirte maidir le cur chun feidhme an bhuiséid do na blianta airgeadais 2018 agus 2019 tugtha chun críche ag an Lárionad, cé is moite de ghníomhaíocht amháin atá fós ar siúl i ndáil leis an modh a leagtar amach sa Ráiteas maidir le comhar Cedefop-CSTE chun ranníocaíochtaí a ríomh;

Feidhmíocht

5. ag tabhairt dá haire gur díol suntais an córas tomhais feidhmíochta atá in úsáid ag an Lárionad, ar córas é ina bhfuil eochairtháscairí feidhmíochta chun an breisluach óna ghníomhaíochtaí a mheas ar leibhéil tionscadail, ghníomhaíochta agus eagraíochtúla agus bearta eile chun feabhas a chur ar bhainistiú a bhuiséid; á chur in iúl gur geal léi an táscaire comhshaoil "astaíochtaí ina dtonaí CO_2" a bheith ann óir cruthaíonn sé go bhfuil an Lárionad ag féachaint le cuspóirí glasa a bhaint amach agus is úsáideach an tagarmharc é chun forbairt astaíochtaí iarphaindéime agus lorg CO_2 an Lárionaid a rianú;

6. ag moladh an Lárionaid as na rannchuidithe líonmhara a rinne sé le ceapadh beartais an Aontais, go háirithe Clár Oibre Scileanna don Eoraip an Choimisiúin maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht (an Clár Oibre Scileanna don Eoraip), an chéad mholadh riamh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET), agus dearbhú Osnabrück;

7. ag tabhairt dá haire gur shínigh an Lárionad comhaontú nua leibhéil seirbhíse an 4 Bealtaine 2020 le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), chun acmhainní, amhail seirbhísí rúnda comhairleoirí, a chomhroinnt idir an dá eagraíocht; ag tabhairt dá haire, agus is díol spéise di é, go raibh acmhainní á gcomhroinnt ag an Lárionad agus ENISA in 2021 i ndáil leis an Oifigeach Slándála Sonraí freisin;

8. á chur in iúl gur mór aici saineolas agus obair ardcháilíochta an Lárionaid, lena gcuirtear taighde, anailísí agus comhairle theicniúil i ngairmoideachas agus gairmoiliúint, cáilíochtaí agus beartais scileanna ar fáil, agus é mar aidhm leis oiliúint ardcháilíochta a chur chun cinn atá saincheaptha do riachtanais an duine aonair agus mhargadh an tsaothair;

9. ag cur béim ar thábhacht, neamhspleáchas agus breisluach an Lárionaid sa réimse saineolais atá aige;

10. á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, an obair a rinne an Lárionad le déanaí chun cuidiú le hanailís a dhéanamh ar thionchar na paindéime agus an aistrithe dhigitigh ar chleachtais ghnó a oiriúnú do na réadúlachtaí nua i margadh saothair an Aontais tríd, mar shampla, an Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí maidir le COVID-19 a rinneadh i gcomhar le Eurofound;

11. á mheabhrú a thábhachtaí atá ról an Lárionaid maidir lena áirithiú go ndéanfar scileanna digiteacha a chomhtháthú i ngairmoideachas agus gairmoiliúint ar fud an Aontais agus le faireachán a dhéanamh ar chur cur chun feidhme agus ar thionchar na moltaí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta, agus an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach;

12. ag tabhairt chun suntais gur gá a áirithiú go bhfuil acmhainní leormhaithe daonna agus airgeadais ann ionas gur féidir leis an Lárionad leanúint dá chlár oibre a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche ar ráta an-ard;

13. ag tabhairt dá haire go ndéanann an Lárionad gach iarracht feabhas a chur ar chibearshlándáil an Lárionaid agus sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus múscailte feasachta don fhoireann;

14. á chur in iúl gur geal léi gur bhain an Lárionad amach a chlár oibre agus gur sháraigh sé é fiú, chomh maith leis na spriocanna agus na nithe insoláthartha a leagtar síos ann do 2020, in ainneoin na ndúshlán a chruthaigh an phaindéim;

15. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil dea-chomhar ann idir an Lárionad agus an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) agus Eurofund; á thabhairt dá haire go bhfuil ról breathnadóra ag na trí ghníomhaireacht ag cruinnithe a mbord bainistíochta faoi seach; á thabhairt dá haire, thairis sin, go mbíonn an Lárionad agus ETF ag comhoibriú le chéile freisin faoi chuimsiú na meithle idir-ghníomhaireachta le ECFE, EIS, UNESCO agus le heagraíochtaí eile idirnáisiúnta;

Beartas foirne

16. ag tabhairt dá haire go raibh 97 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme an 31 Nollaig 2020 (i gcomparáid le 95 % in 2019), go raibh ceapacháin déanta i gcás 78 ngníomhaire shealadacha as 82 ghníomhaire shealadacha agus i gcás deichniúr oifigeach arna n-údarú faoi Bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire go raibh 2 oibrí eatramhacha agus 8,5 comhairleoir (arbh ionann é sin agus ochtar ag obair go lánaimseartha agus duine ag obair go leath-aimseartha) ag obair ag an Lárionad in 2020, agus gur acmhainní iad nár bhain an Lárionad leas astu in 2019;

17. ag tabhairt aird ar an easpa cothromaíocht inscne i measc ardbhainistíocht an Lárionaid, le ceathrar fear (66,7 %) agus beirt bhan (33,3 %); ag tabhairt dá haire maidir leis an bhfoireann i gcoitinne go bhfuil cothromaíocht inscne 57 % ann i gcás na mban agus 43 % i gcás na bhfear;

18. ag spreagadh an Lárionaid chun dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach acmhainní daonna a rachaidh i ngleic le cothromaíocht oibre is saoil, treoir agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais; á chur in iúl gur geal léi cur chuige réamhghníomhach an Lárionaid maidir le teilea-obair a chur chun feidhme le blianta beaga anuas;

19. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, nach bhfuil na saincheisteanna sa Lárionad maidir le seachtrú a sheirbhíse dlí, a thug an t-údarás um urscaoileadh agus an Chúirt chun suntais, réitithe fós, ach á chur in iúl gur geal léi cinneadh an Lárionaid comhairleoir dlí inmheánach a athbhunú in 2021; á iarraidh ar an Lárionad aon athruithe ar an gcás sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil sainordú an choiste um shláinte agus um shábháilteacht imithe i léig; á chur in iúl gur geal léi an fógra faoi choiste um dhea-bhail; á iarraidh go mbunófar an coiste um dhea-bhail gan mhoill;

21. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil deacracht ag go leor daoine den fhoireann i dtaca le dul i dteagmháil leis na húdaráis náisiúnta, amhail an córas cúraim sláinte agus an córas slándála sóisialta; á iarraidh go mbeadh níos mó tacaíochta ann do bhaill foirne a bhogann go dtí an tír ina bhfuil an ghníomhaireacht lonnaithe; á mholadh, chuige sin, go mbeadh duine idirchaidrimh ann lena áirithiú, *inter alia*, go mbeidh ann do dhea-fheidhmiú na nasc idir foireann an Lárionaid agus na húdaráis náisiúnta;

22. á iarraidh ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais (EUAN) rialacha soiléire a leagan síos maidir le comhcheangal daoine den fhoireann leis an gcóras náisiúnta cúraim sláinte sa Ghréig; á mholadh go luafar go sainráite sna rialacha sin cad atá cumhdaithe ag árachas sláinte agus go dtí cén dáta a mbeidh feidhm ag an árachas sláinte;

Soláthar

23. ag tabhairt dá haire agus é ina chúis imní di, de réir na tuarascála ón gCúirt, go ndearna an Lárionad earráidí i mbainistiú conarthaí soláthair; ag tabhairt aird go háirithe ar an gcinneadh ón gCúirt gur shínigh an Lárionad conradh bunaithe ar nós imeachta idirbheartaithe le tairiscint shingil gan aon doiciméadú maidir le taighde margaidh, agus ar deireadh thiar gur sáraíodh an buiséad measta de 98 % leis an bpraghas a tairgeadh, rud a thug luach an chonartha os cionn na tairsí ceadaithe le haghaidh nós imeachta idirbheartaithe le tairiscint shingil faoin Rialachán Airgeadais;

24. á aithint, chun aghaidh a thabhairt ar an mírialtacht a chuir an Chúirt i bhfios, gur chuir an Lárionad an conradh ar ceal i ndiaidh an iniúchta le héifeacht ón 26 Feabhra 2021;

25. ag tabhairt dá haire, a mhéid a bhaineann le hobair leantach a dhéanamh ar na moltaí in urscaoileadh 2019 an údaráis um urscaoileadh, gur tugadh cur chun feidhme na moltaí maidir le doiciméadacht agus modheolaíocht soláthair i gcrích;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

26. ag tabhairt aird ar bhearta reatha an Lárionaid agus na hiarrachtaí atá ar siúl aige chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa agus cosaint sceithirí a áirithiú; á chur i bhfios áfach maidir le bord bainistíochta an Lárionaid, go bhfuil 94 chomhalta ann (lena n-áirítear breathnadóirí) agus 63 chomhalta mhalartacha; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Lárionad an 28 Meitheamh 2021 gur foilsíodh 93 CV as 157 ar láithreán gréasáin an Lárionaid; ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt dearbhuithe leasa agus CVanna ó chomhaltaí den bhord bainistíochta ar iarraidh agus á athdhearbhú maidir leis na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha uile a fhreastalaíonn ar chruinnithe den bhord bainistíochta agus a fheidhmíonn a gceart chun vótáil, nach mór dóibh dearbhú leasa a thíolacadh; ag tabhairt dá haire gur foilsíodh CVanna ardbhainistíocht an Lárionaid, agus nár foilsíodh CVanna na saineolaithe seachtracha agus intí; á iarraidh ar an Lárionad lán-trédhearcacht a áirithiú trí CVanna agus dearbhuithe leasa gach comhalta den bhord bainistíochta agus na saineolaithe seachtracha agus intí lena mbaineann a fhoilsiú;

27. á chur in iúl gur saoth léi líon ard na gcomhaltaí den bhord bainistíochta (157), ar rud é nach n-éascaíonn cinnteoireacht nó bainistíocht shimplithe; á mheabhrú, de réir rialachán bunaidh an Lárionaid, go bhfuil sé d'oibleagáid ar chomhaltaí a bhoird bainistíochta a ndearbhú leasa a fhoilsiú; á mheabhrú go n-iarrtar freisin ar chomhaltaí an bhoird bainistíochta CVanna gearra a chur ar fáil, cé nach ceanglas foirmiúil é sin;

Rialú inmheánach

28. ag tabhairt dá haire gur sheol an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) sa Choimisiún measúnú riosca iomlán ó chian in 2020 inar cumhdaíodh próiseas riaracháin, airgeadais, oibríochtúil agus TF an Lárionaid agus gur tháinig iniúchóireacht leantach arna seoladh ag IAS ar an gconclúid go raibh na moltaí uile curtha chun feidhme go leormhaith agus go héifeachtach ag an Lárionad; ag tabhairt dá haire go ndearnadh sé mholadh as sé ón iniúchadh ar bhainistiú acmhainní daonna agus eitic a chur chun feidhme;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

29. á chur in iúl gur díol sásaimh di go ndearna an Lárionad plean bainistithe géarchéime a mhúnlú agus a ghníomhachtú chun déileáil le paindéim COVID-19 trí bhearta réamhchúraim a ghlacadh, amhail teilea-oibriú agus ócáidí agus misin fhisiciúla a chur ar ceal, chun leanúnachas gnó a áirithiú; ag tabhairt dá haire thairis sin gur sainaithníodh cur chun feidhme an bhuiséid agus ráta fostaíochta mar rioscaí criticiúla in athbhreithniú a rinneadh ar mheasúnú riosca an Lárionaid; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Lárionad go dtugann na gníomhaíochtaí a cuireadh ar bun deis an dá riosca a mhaolú go héifeachtach;

Barúlacha eile

30. ag tabhairt dá haire go ndéanann an Lárionad gach iarracht feabhas a chur ar chibearshlándáil an Lárionaid agus sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus múscailte feasachta don fhoireann;

31. á iarraidh ar an Lárionad leanúint dá shineirgí a fhorbairt agus comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a mhéadú d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú (lena n-áirítear i dtaca le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil);

32. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil an Lárionaid a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Lárionad leanúint de bheith réamhghníomhach i ndáil leis sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá ann na bearta uile slándála is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

33. á chur in iúl gur geal léi an comhar éifeachtach le gníomhaireachtaí an Aontais i gcomhthéacs EUAN agus an bhéim ar leith ar shineirgí idir-ghníomhaireachta a shainaithint agus a shaothrú, i réimse an riaracháin; agus i bpríomhghníomhaíochtaí gnó agus i modheolaíocht maidir le táscairí bainistíochta feidhmíochta le ETF, Eurofound agus EU-OSHA, chomh maith;

34. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.